# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2021

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

# Bonnleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA**

**GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)**

**CUID I: AN CHLUASTUISCINT (120 marc)**

**Ceist 1 (14 mharc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | An giotár = an dara pictiúr | ... 7 marc) | |
| | | | = **14 mharc** |
| (b) | Na liricí | ... 7 marc) | |

**Ceist 2 (14 mharc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | I gCaisleán Chill Chainnigh = an ceathrú pictiúr | ... 7 marc) | |
| | | | = **14 mharc** |
| (b) | I mí Iúil | ... 7 marc) | |

**Ceist 3 (8 marc)**

An músaem eolaíochta = an chéad phictiúr ... 8 marc) = **8 marc**

**Ceist 4 (8 marc)**

An bosca ag an mbarr ar dheis (tic nó saighead sa bhosca) ... 8 marc) = **8 marc**

**Ceist 5 (16 mharc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | Ceathanna troma báistí = an tríú pictiúr | ... 8 marc) | |
| | | | = **16 mharc** |
| (b) | 5 chéim Celsius | ... 8 marc) | |

**Ceist 6 (20 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | Eochair an tí | ... 10 marc) | |
| | | | = **20 marc** |
| (b) | Tá sí breá compordach ina leaba | ... 10 marc) | |

**Ceist 7 (20 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | Cúrsa Gnó | ... 10 marc) | |
| | | | = **20 marc** |
| (b) | Clár ceoil | ... 10 marc) | |

**Ceist 8 (20 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | Ag féile cheoil | ... 10 marc) | |
| | | | = **20 marc** |
| (b) | An plaisteach | ... 10 marc) | |

## CUID II: ROINN I - LÉAMHTHUISCINT (150 marc)

**Ceist 1 Meaitseáil** **(40 marc)**

| **Uimhir an phictiúir** | **Litir** |
|---|---|
| 1 | G |
| 2 | E |
| 3 | J |
| 4 | B |
| 5 | I |
| 6 | D |
| 7 | F |
| 8 | C |
| 9 | A |
| 10 | H |

**10 x 4 mharc = 40 marc**

An Nós Marcála:

- An marc bronnta a chur sa bhosca (4 nó 0) agus an t-iomlán a bhreacadh ag bun an leathanaigh.
- An t-iomlán a chur in aice le huimhir na ceiste, agus ciorcal timpeall air agus é a aistriú go dtí an bosca cuí ar an ngreille ar an gclúdach.
- Beifear ag súil le litir ach glacfar le córas eile (uimhir an phictiúir in ionad litir an phictiúir) má tá sé soiléir/intuigthe.

**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a) An Litir (25 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | 9 Meán Fómhair | ... 5 mharc) | |
| 2. | Peil na mban | ... 5 mharc) | |
| 3. | Ar champa spóirt | ... 5 mharc) | = **25 marc** |
| 4. | Conas na fearais a úsáid i gceart | ... 5 mharc) | |
| 5. | Clár na n-imeachtaí | ... 5 mharc) | |

**(b) An Bróisiúr (25 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | In oirdheisceart na hÉireann | ... 5 mharc) | |
| 2. | Ar na báid farantóireachta | ... 5 mharc) | |
| 3. | Bratach Ghorm | ... 5 mharc) | = **25 marc** |
| 4. | Ar Shlabaí Loch Garman | ... 5 mharc) | |
| 5. | Féile cheoldrámaíochta | ... 5 mharc) | |

**(c) An Scéal Nuachta (25 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Uaireadóir óir | ... 5 mharc) | |
| 2. | An t-úinéir a aimsiú | ... 5 mharc) | |
| 3. | Ar an raidió áitiúil | ... 5 mharc) | = **25 marc** |
| 4. | Tar éis cúpla lá | ... 5 mharc) | |
| 5. | Cárta buíochais | ... 5 mharc) | |

**Nóta**: Suimigh an dá mhóriomlán is airde a bhronntar agus scríobh an móriomlán in aice le huimhir na ceiste ar leathanach 6 agus cuir ciorcal timpeall air. Cuir lúibíní cearnacha timpeall iomlán na míre nach gcuirtear san áireamh.

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a) An tAlt (30 marc)**

1. Rothaíocht ... 6 mharc)
2. I gCarraig na Siúire ... 6 mharc)
3. Craobh na hÉireann faoi 23 ... 6 mharc) = **30 marc**
4. Bhris sé méara a lámh de bharr timpiste ... 6 mharc)
   Bhris sé méara a lámh = 6 mharc
   Bhí mí-ádh air de bharr timpiste a tharla dó = 6 mharc
   Timpiste = 6 mharc
   Bhí mí-ádh air de bharr timpiste = 4 mharc
   Bhris sé a lámh = 4 mharc
   Chríochnaigh sé san áit dheireanach = 3 mharc
   Bronnadh an Lóchrann Dearg air = 3 mharc
5. Geansaí Glas ... 6 mharc)

**(b) An Giota (30 marc)**

1. I gCeantar na nDugaí ... 6 mharc)
2. 20 ... 6 mharc)
3. De bharr an Ghorta Mhóir ... 6 mharc) = **30 marc**
4. Na meáin idirghníomhacha ... 6 mharc)
5. Clárú isteach ... 6 mharc)
   Clárú = 6 mharc
   Is gá don chuairteoir clárú isteach i ngach gailearaí = 6 mharc
   Faigheann gach cuairteoir pas ag dul isteach sa mhúsaem. Is gá don chuairteoir clárú isteach i ngach gailearaí = 6 mharc

**(c) Na Véarsaí (30 marc)**

1. Ar an saol mar a bhí ... 6 mharc)
2. Faoi dhíon an tí ... 6 mharc)
3. Grianghraif ... 6 mharc) = **30 marc**
4. Bréagán ... 6 mharc)
5. An aois ... 6 mharc)

Líne 2 agus Líne 3 as an véarsa deireanach: Iomarcaíocht 6-2 = 4 mharc
Líne 3 agus Líne 4 as an véarsa deireanach: Iomarcaíocht 6-2 = 4 mharc

**Nóta**: Suimigh an dá mhóriomlán is airde a bhronntar agus scríobh an móriomlán in aice le huimhir na ceiste ar leathanach 9 agus cuir ciorcal timpeall air. Cuir lúibíní cearnacha timpeall iomlán na míre nach gcuirtear san áireamh.

## CUID II: ROINN II - SCRÍOBH NA TEANGA (45 marc)

*Comhairle speisialta*

- *faoi chumas*
- *faoi chumarsáid*
- *faoi chruinneas Gaeilge*
- *faoi ábhar nach bhfuil 'ad rem'*
- *faoi ábhar neamhghnách.*

**Ní ceartú atá i gceist anseo ach measúnú agus marcáil**.

Déantar an mharcáil faoi dhá cheannteideal: Cumas Cumarsáide (**Cum**) agus Cruinneas Gaeilge (**Cr**).

**Cumas Cumarsáide (Cum)**:

Cumas: An cumas atá san iarrthóir a smaointe a chur in iúl trí Ghaeilge

Cumarsáid: Tagann cumarsáid i gceist nuair is féidir linn teachtaireacht agus smaointe an iarrthóra a thuiscint

**Cruinneas Gaeilge (Cr)**:

(i) Dul na Gaeilge - struchtúir na Gaeilge agus beachtas gramadaí
(ii) Stór focal - cruinneas agus oiriúnacht stór focal
(iii) Litriú

**Ábhar nach bhfuil 'ad rem'**:

Cuirfear comhairle ar scrúdaitheoirí ina thaobh seo i gcás gach focheiste.

**Ábhar Neamhghnách**:

Cuirfear comhairle ar scrúdaitheoirí maidir le hábhar neamhghnách.

**Ná glac le Béarla**.

**Nóta**: Má dhéantar níos mó ná rogha amháin, marcáil gach iarracht agus bronn an marc is airde. Cuir lúibíní cearnacha thart ar an móriomlán/na móriomláin eile. Scríobh an marc bronnta in aice le huimhir na ceiste, 4 (a) lch 14 **nó** 4 (b) lch 15 **nó** 5 (a) lch 16 **nó** 5 (b) lch 17.

**Ceist 4 (a) Fógra (45 marc)**

Cumas Cumarsáide = 34 marc

Cruinneas Gaeilge = 11 mharc

**= 45 marc**

Tasc → Fógra a scríobh amach bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha

**Cumas Cumarsáide** **= 34 marc**

(i) Leagan Amach = 1 mharc

- Iarracht ar fhógra (tic leis an bhfocal *Fógra* agus an marc san imeall) 1 mharc

(ii) Treoracha = 33 marc

- **Pictiúr 1 (10 marc)**
  - Cén rud a bheidh ar siúl? 5 mharc
  - Cén áit? 5 mharc

- **Pictiúr 2 (13 mharc)**
  - Cén lá? 5 mharc
  - Cén dáta? 4 mharc
  - Cén t-am? 4 mharc

- **Pictiúr 3 (5 mharc)**
  - Cén t-aoi speisialta a bheidh i láthair? 5 mharc

- **Pictiúr 4 (5 mharc)**
  - Cad a dhéanfar leis an airgead? 5 mharc

| | | |
|---|---|---|
| Leagan Amach | = | 1 mharc |
| Pictiúr 1 = 5 + 5 | = | 10 marc |
| Pictiúr 2 = 5 + 4 + 4 | = | 13 mharc |
| Pictiúr 3 = 5 | = | 5 mharc |
| Pictiúr 4 = 5 | = | 5 mharc |

**Cruinneas Gaeilge** **= 11 mharc**

Bronn marc as 11 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán.

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

| | |
|---|---|
| Cumarsáid | Cum (34) = |
| Cruinneas Gaeilge | Cr (11) = |

**Iarracht ar fhógra** **1 mharc**

Más iarracht ar Fhógra atá ann cuir tic leis an bhfocal *'Fógra'* agus bronn marc amháin ar dheis (sa cholún)

**Pictiúr 1** **Cén rud a bheidh ar siúl?** **5 mharc**

Glac leis na freagraí seo ar 5 mharc: maratón cispheile/spóirt
Cluiche/comórtas cispheile…cispheil…
Lá spóirt, comórtas = 3 mharc
Maratón = 2 mharc
Spórt = 1 mharc

**Pictiúr 1** **Cén áit?** **5 mharc**

Glac leis na freagraí seo ar 5 mharc: ainm áite ar bith i nGaeilge, i halla na scoile…
Sa halla = 3 mharc
Sa scoil = 3 mharc
Ná bronn aon mharc ar ainm áite i mBéarla.

**Pictiúr 2** **Cén lá?** **5 mharc**

Glac leis na freagraí seo ar 5 mharc: lá ar bith atá ainmnithe nó inniu, anocht, amárach, ag an deireadh seachtaine, an tseachtain seo chugainn...
Beidh pionós -1 i gceist má luaitear an Aimsir Chaite: Dé Luain seo caite…

**Pictiúr 2** **Cén dáta?** **4 mharc**

Glac le dáta ina bhfuil an mhí litrithe. Ní gá an bhliain a bheith luaite.
Samplaí: 13 Aibreán, 26 Bealtaine 2021…
Pionós -1 i gceist i gcás figiúirí mar shampla 18/6, 16/5/2021…
Pionós -1 i gceist má tá an mhí litrithe ach gan dáta cinnte luaite: Meitheamh, Meitheamh 2021…
Ná bronn aon mharc ar fhigiúr lom.

**Pictiúr 2** **Cén t-am?** **4 mharc**

Glac le ham ar bith atá inghlactha sa chomhthéacs.
Samplaí: A deich a chlog, 10 a.m., am lóin, 10 a.m.-2 p.m., tar éis na scoile, meán lae…

**Pictiúr 3** **Cén t-aoi speisialta a bheidh i láthair?** **5 mharc**

Beidh ionramháil ag teastáil.
Samplaí: Beidh Derval O'Rourke ann/i láthair/sa scoil/ar an bpáirc imeartha/sa staid/sa chlubtheach/mar aoi speisialta…ag bronnadh duaiseanna…ag caint...
Pionós -4 i gcás ainm lom gan aon cheangal/gan aon ionramháil
Ná glac le hainm aon duine eile.

**Pictiúr 4** **Cad a dhéanfar leis an airgead?** **5 mharc**

Beidh ionramháil ag teastáil a chuirfidh in iúl go mbeidh an t-airgead á chaitheamh ar threalamh spóirt/ar áiseanna spóirt don scoil…

Samplaí: Airgead ag dul go dtí an pháirc spóirt/go páirc spóirt, ar son áiseanna spóirt, ar son trealamh spóirt/cluichí sa scoil…

Airgead: Trealamh spóirt, Airgead → Trealamh spóirt, ar son an spóirt…

Cuir tic le gach freagra ar na mioncheisteanna. Léirigh na marcanna.

- Leagan Amach = 1
- Pictiúr 1 : 5 + 5 = 10
- Pictiúr 2 : 5 + 4 + 4 = 13
- Pictiúr 3 : 5 = 5
- Pictiúr 4 : 5 = 5

**Cruinneas Gaeilge** **= 11 mharc**

Bronn marc as 11 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán.

| **Cruinneas** | |
|---|---|
| **Catagóir** | **Marc** |
| Sármhaith | 9-11 |
| An-mhaith | 7-8 |
| Maith | 5-6 |
| Maith go leor | 3-4 |
| Lag | 2 |
| An-lag | 1 |
| Easnamhach | 0 |

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Cumarsáid Cum (34) =
Cruinneas Gaeilge Cr (11) =

**NÓ**

**Ceist 4 (b) Litir (45 marc)**

Cumas Cumarsáide = 34 marc

**= 45 marc**

Cruinneas Gaeilge = 11 mharc

Tasc → Litir a scríobh chuig do dheartháir/do dheirfiúr i gCeanada bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

**Cumas Cumarsáide** **= 34 marc**

**Leagan Amach** **6 mharc**

- Seoladh = 2 mharc
- Dáta (glac le figiúirí) = 1 mharc
- Beannú = 1 mharc
- Críoch/Slán = 2 mharc

**Treoracha** **28 marc**

- Pictiúr 1: **Dhá** phointe eolais = 4 mharc + 3 mharc = 7 marc
- Pictiúr2: **Dhá** phointe eolais = 4 mharc + 3 mharc = 7 marc
- Pictiúr 3: **Dhá** rud = 4 mharc + 3 mharc = 7 marc
- Pictiúr 4: **Dhá** rud = 4 mharc + 3 mharc = 7 marc

**Cruinneas Gaeilge** **= 11 mharc**

Bronn marc as 11 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán.

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

| | |
|---|---|
| Cumarsáid | Cum (34) = |
| Cruinneas Gaeilge | Cr (11) = |

**Leagan amach:**
**Seoladh:** Caithfidh dhá chuid (1 mharc + 1 mharc) a bheith ann, as Gaeilge = **2 mharc**
Glac lena leithéid de *'Bóthar Crumlin' nó 'Sráid Patrick'*
Ná glac le hainm an bhaile i mBéarla
**Dáta:** Glac le figiúirí = **1 mharc**
**Beannú:** Ainm ar bith nó a *chara* = **1 mharc**
**Críoch:** Dhá chuid ag teastáil: *Slán…*agus ainm = **2 mharc**

**Pictiúr 1** Faoin bpóstaer don teach saoire a chonaic sibh (**dhá** phointe eolais)
**Samplaí:** an áit a raibh an póstaer le feiceáil…cathain a chonaic sibh an póstaer?...na sonraí ar an bpóstaer…áthas oraibh…chuir…glaoch teileafóin ar an uimhir sin…an t-úinéir… an costas/an praghas…ag caint leis na cairde…mar a mhothaigh gach duine faoi…

**Pictiúr 2** Faoin teach saoire agus faoi na háiseanna sa teach (**dhá** phointe eolais)
**Samplaí:** an teach féin…an áit a raibh sé…na seomraí…na radhairc…an chistin…an gairdín… in aice na trá…an teach beag/mór, compordach...meaisín níocháin…leathanbhanda…

**Pictiúr 3** Faoi na rudaí a rinne sibh gach lá (**dhá** rud)
**Samplaí:** ag snámh…ag sú na gréine…ag imirt cluichí ar an trá…ag bádóireacht…ag léamh… ag siúl...ag rothaíocht…ag iascaireacht…ag tumadh…ag surfáil...

**Pictiúr 4** Faoi na rudaí a rinne sibh gach oíche (**dhá** rud)
**Samplaí:** ag ithe i mbialann…ag caint is ag comhrá ag an mbord…ag dul chuig dioscó…ag imirt cluichí boird…

Cuir tic le gach freagra ar na pointí eolais. Léirigh na marcanna.

**Cruinneas Gaeilge** = **11 mharc**

Bronn marc as 11 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán.

| **Cruinneas** | |
|---|---|
| **Catagóir** | **Marc** |
| Sármhaith | 9-11 |
| An-mhaith | 7-8 |
| Maith | 5-6 |
| Maith go leor | 3-4 |
| Lag | 2 |
| An-lag | 1 |
| Easnamhach | 0 |

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Cumarsáid Cum (34) =
Cruinneas Gaeilge Cr (11) =

---

**NÓ**

**Ceist 5 (a) Cuntas (45 marc)**

Cumas Cumarsáide = 34 marc

= **45 marc**

Cruinneas Gaeilge = 11 mharc

Tasc → Cuntas (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile bunaithe ar an ábhar: '**Beárbaiciú sa Bhaile**' mar atá léirithe sa phictiúr.

**Cumas Cumarsáide** = **34 marc**

- **Cúig** thagairt ($T_1$, $T_2$, $T_3$, $T_4$, $T_5$) ar a laghad atá ag teastáil sa chuntas d'imeachtaí nó do thosca na hócáide.
- Tá caighdeán na cumarsáide le cur san áireamh. Ná glac le cóipeáil lom.
- Pionós (-4 ón 34 atá ar fáil) i gcás gach tagairt in easnamh. ($34-4_t = 30$)
- Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.
- Ná glac le Béarla.
- Tá timpeall 90 focal ag teastáil.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta.
- An marc atá ar fáil don iarracht agus na marcanna bronnta agus bainte a léiriú.

| Líon Focal | Pionós ó thaobh an fhaid de |
|---|---|
| 80-90 | Gan aon phionós |
| 60-79 | - 2 mharc |
| 30-59 | - 3 mharc |
| < 30 focal | - 4 mharc |

**Tagairtí féideartha:** ag dul go dtí an beárbaiciú…an lá…an dáta…an t-am…na daoine eile a bhí ag an mbeárbaiciú…an gairdín…bláthanna/crainn…an gairdín dubh/plódaithe le daoine… cathaoireacha agus boird…an aimsir…an t-atmaisféar…ag éisteacht leis an gceol…ag canadh… ag bualadh bos…an bia…ag cócaireacht…ag ithe agus ag ól…ag rince le chéile…ag caint is ag comhrá…éadaí…ag seinm ar an ngiotár…an glantachán…boscaí bruscair…tuairim faoin mbeárbaiciú…ar bhain tú taitneamh as an oíche?...mar a mhothaigh tú nuair a bhí an beárbaiciú thart...grianghraf…ag gabháil buíochais le…

Léirigh na tagairtí ar an script mar seo: $T_1$, $T_2$, $T_3$, $T_4$, $T_5$

**Cruinneas Gaeilge** = **11 mharc**

Bronn marc as 11 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán.

| **Cruinneas** | |
|---|---|
| **Catagóir** | **Marc** |
| Sármhaith | 9-11 |
| An-mhaith | 7-8 |
| Maith | 5-6 |
| Maith go leor | 3-4 |
| Lag | 2 |
| An-lag | 1 |
| Easnamhach | 0 |

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Cumarsáid Cum (34) =
Cruinneas Gaeilge Cr (11) =

---

**NÓ**

**Ceist 5 (b) Eachtra (45 marc)**

Cumas Cumarsáide = 34 marc

Cruinneas Gaeilge = 11 mharc

= **45 marc**

Tasc → Scríobh faoin **eachtra** (timpeall 90 focal) in Iris na Scoile.

**Cumas Cumarsáide** **= 34 marc**

- Tá **cúig** thagairt ar a laghad ag teastáil le go mbeadh fás nádúrtha ag baint leis an eachtra. Ceann do gach pictiúr ($T_1$, $T_2$, $T_3$, $T_4$) agus aon tagairt amháin eile ($T_5$).
- Tá caighdeán na cumarsáide le cur san áireamh. Ná glac le cóipeáil lom.
- Pionós (-4 ón 34 atá ar fáil) i gcás gach tagairt in easnamh. ($34-4_t = 30$)
- Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an eachtra a léirítear.
- Ná glac le Béarla.
- Tá timpeall 90 focal ag teastáil.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta.
- An marc atá ar fáil don iarracht agus na marcanna bronnta agus bainte a léiriú.

| **Líon Focal** | **Pionós ó thaobh an fhaid de** |
|---|---|
| 80-90 | Gan aon phionós |
| 60-79 | - 2 mharc |
| 30-59 | - 3 mharc |
| < 30 focal | - 4 mharc |

**Tagairtí féideartha:**

**Pictiúr 1**

Na déagóirí…ar an mbus/sa charr...ag siopadóireacht sa chathair…málaí siopadóireachta…ag comhrá…ag féachaint i bhfuinneoga na siopaí…airgead/cárta bainc…an chathair plódaithe le daoine…an t-am…an aimsir…ar laethanta saoire…mhothaigh siad…

**Pictiúr 2**

An t-am…an aimsir…an slua…ina seasamh os comhair siopa…ag féachaint ar…san fhuinneog… go tobann…rith coileán óg/madra beag…baineadh geit astu…a lán daoine…bhéic…trí chéile… sceitimíní…ag comhrá…dath…ag tafann…

**Pictiúr 3**

D’ardaigh…suas an coileán/an madra…ag tafann…ag crith le heagla…ní raibh a fhios acu cad a dhéanfaidís…plean…siopa peataí timpeall an chúinne….baineadh geit as…bheartaigh siad… an madra beag ciúin…isteach leo i siopa na bpeataí…an cuntar…mhínigh siad an scéal don chúntóir…sona sásta…theastaigh ó…an coileán óg a cheannach…an praghas…cheannaigh siad é…

**Pictiúr 4**

D’íoc siad…chosain sé…sona sásta...chuaigh siad abhaile…a dtuismitheoirí ann…d’inis…an scéal do…áthas…seid…leaba…sheol sí grianghraf den mhadra chuig a cairde…ar Instagram/ar a leathanach Facebook…bia…ag tabhairt aire don mhadra…ciseán speisialta…

Léirigh na tagairtí ar an script mar seo: $T_1$, $T_2$, $T_3$, $T_4$, $T_5$

**Cruinneas Gaeilge** **= 11 mharc**

Bronn marc as 11 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán.

| **Cruinneas** | |
|---|---|
| **Catagóir** | **Marc** |
| Sármhaith | 9-11 |
| An-mhaith | 7-8 |
| Maith | 5-6 |
| Maith go leor | 3-4 |
| Lag | 2 |
| An-lag | 1 |
| Easnamhach | 0 |

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Cumarsáid Cum (34) =
Cruinneas Gaeilge Cr (11) =

**Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)**

Cuirtear Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM) i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid gléas taifeadta
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus le gnéithe áirithe den ghramadach

**Ceist 4 (a) Fógra**
**Ceist 4 (b) Litir**
**Ceist 5 (a) Cuntas**
**Ceist 5 (b) Eachtra**

Marcáil an t-ábhar sna freagraí i gCeist 4 agus i gCeist 5 de réir na gnáthscéime marcála.

**Cruinneas Gaeilge = 11 mharc**

Déantar measúnú ar Chruinneas Gaeilge na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc as 11 á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn, Cruinnúsáid na Copaile, Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra, Cruinnúsáid na réamhfhocal…

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus marc as 11 á bhronnadh ar an iarracht: litriú, úsáid an uraithe, úsáid an tséimhithe, aontú ainmfhocal is aidiachtaí…

| | | **Marc as 11** |
|---|---|---|
| Sármhaith | Cruinnúsáid shármhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 9-11 |
| An-mhaith | Cruinnúsáid an-mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 7-8 |
| Maith | Cruinnúsáid mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 5-6 |
| Maith go leor | Cruinnúsáid maith go leor de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 3-4 |
| Lag | Cruinnúsáid lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 2 |
| An-lag | Cruinnúsáid an-lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 1 |
| Easnamhach | Cruinnúsáid easnamhach de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 0 |

Ní mór don scrúdaitheoir '**SMM i bhfeidhm-scrúd.'** a scríobh ar chlúdach an fhreagarleabhair nuair a chuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm.

## An Triail Chluastuisceana

### Ceist a hAon (Canúint Uladh)

Dia daoibh. Is mise Micheál Ó Sé. Is fear mór ceoil mé. Seinnim an giotár le cór na scoile agus tagaimid le chéile ag cleachtadh ag am lóin dhá lá sa tseachtain. Téim chuig ranganna pianó oíche Dé Céadaoin. Is ball de ghrúpa ceoil mé. *Na Ceoltóirí Cróga* is ainm don ghrúpa ceoil. Mé féin agus triúr cairde liom atá sa ghrúpa. Bímid ag cleachtadh ceoil le chéile maidin Dé Sathairn. Seinnim an méarchlár sa ghrúpa. Glacaimid páirt i gcomórtais cheoil go minic. Anuraidh, bhuamar an chéad duais i gcomórtas náisiúnta ceoil le hamhrán nuachumtha. D'oibríomar as lámha a chéile ar an amhrán. Chum mé féin na liricí don amhrán. Chuir Niall agus Dónall ceol leis na liricí, agus rinne Brian físeán den ghrúpa ag canadh an amhráin. Nuair a fhaighim an deis, éistim le ceol ar YouTube.

### Ceist a Dó (Canúint na Mumhan)

Dia daoibh, is mise Deirdre Ní Shúilleabháin. Tá an-spéis agam i stair agus i gcultúr na hÉireann. Nuair a d'fhág mé an mheánscoil, rinne mé cúrsa sa Léann Éireannach san Institiúid Teicneolaíochta i gCorcaigh. Chomh maith leis sin, rinne mé dioplóma ar líne sa chultúr dúchais. Faoi láthair, táim ag obair mar threoraí i gCaisleán Chill Chainnigh. Mar threoraí, cuirim fáilte roimh na cuairteoirí. Tugaim na cuairteoirí ar thurais threoraithe timpeall an chaisleáin agus míním stair an chaisleáin dóibh. Is aoibhinn liom mo chuid oibre. Nuair a bhíonn am saor agam, tugaim cuairt ar ionaid stairiúla timpeall na tíre. I mí an Mheithimh, chaith mé lá iontach ag Carraig Phádraig i gCaiseal, Co. Thiobraid Árann. I mí Iúil, thug mé cuairt ar Bhrú na Bóinne i gContae na Mí agus bhain mé an-taitneamh as. Chaith mé deireadh seachtaine ag Clochán an Aifir, Co. Aontroma, i mí Lúnasa.

### Ceist a Trí (Canúint Chonnacht)

*Ar an mbóthar…torann tráchta*
**Fear:** Gabh mo leithscéal ach an bhfuil a fhios agat cá bhfuil an músaem eolaíochta, le do thoil?
**Bean:** Tá an músaem eolaíochta cúpla céad méadar ón áit seo. Téigh díreach ar aghaidh thar an leabharlann agus síos chomh fada le bun an bhóthair. Cas ar dheis ag an siopa caife ag an gcúinne. Lean ort thar an droichead agus ansin, feicfidh tú an músaem eolaíochta ar thaobh na láimhe clé. Tá sé díreach trasna ón gcarrchlós ilstórach.
**Fear:** Go raibh míle maith agat.

### Ceist a Ceathair (Canúint na Mumhan)

*Ar an tsráid…carr ag stopadh*

**Bean:** Gabh mo leithscéal. Táimid díreach tagtha chuig an mbaile ar saoire. Táimid ag lorg Theach Lóistín na Mara mar tá seomraí curtha in áirithe againn ann. An bhféadfá a insint dom, le do thoil, cá bhfuil an teach lóistín sin?

**Fear:** D'fhéadfainn. Tá tú an-chóngarach do Theach Lóistín na Mara. Lean ort díreach ar aghaidh go dtí na soilse tráchta. Cas ar dheis ansan. Téigh thar an bpictiúrlann. Ansan, glac an dara casadh ar chlé. Feicfidh tú Teach Lóistín na Mara ag barr an bhóthair san ar thaobh na láimhe deise.

**Bean:** Díreach ar aghaidh go dtí na soilse tráchta, ar dheis ansin, agus ansin, glac an dara casadh ar chlé. Beidh Teach Lóistín na Mara ar thaobh na láimhe deise. Míle buíochas.

**Fear**: Tá fáilte romhat.

**Ceist a Cúig (Canúint Chonnacht)**

Bhur gcéad míle fáilte chuig scéal na haimsire anseo ar TG4. Bhí sé breá grianmhar i rith na seachtaine ach tá athrú ag teacht ar an aimsir. Fanfaidh sé breá tirim anocht ach beidh sé fuar thar oíche. Éireoidh sé scamallach roimh mheán lae amárach agus leathfaidh báisteach trasna na tíre. Má tá tú ag dul chuig an gcluiche mór iománaíochta i bPáirc an Chrócaigh tráthnóna amárach, beir leat do chóta báistí mar beidh ceathanna troma báistí ann in oirthear na tíre. Glanfaidh an bháisteach timpeall a seacht a chlog. Cúig chéim Celsius an teocht is ísle a bheidh ann oíche amárach. Táthar ag súil leis go dtiocfaidh feabhas ar an aimsir i lár na seachtaine seo chugainn. Ardóidh an teocht os cionn sé chéim déag Celsius. Sin a bhfuil uaimse. Bíodh tráthnóna deas agaibh. Slán.

**Ceist a Sé (Canúint Uladh)**

**Nuala:** A Dhónaill, in ainm Dé, cén fáth a bhfuil tú ag glaoch orm chomh mall seo san oíche?
**Dónall:** Tá fíorbhrón orm gur dhúisigh mé ar a haon a chlog ar maidin thú, a Nuala, ach tá mé i bponc. Chaill mé eochair an tí.
**Nuala:** Inis dom, cad é a tharla duit, a Dhónaill?
**Dónall:** Bhuel, bhí mé ag traenáil sa chumann dornálaíochta go dtí a naoi a chlog. Ansin, chuaigh mé go teach Sheáin. Bhíomar ag féachaint ar scannán iontach ar Netflix. Bhí sé leath i ndiaidh a dó dhéag nuair a bhí an scannán thart. Ansin, tháinig mé abhaile ar mo rothar. Ach níl eochair an tí agam anois.
**Nuala:** Cad é a rinne tú leis an eochair, in ainm Dé?
**Dónall:** Bhí an fón agus eochair an tí i mo mhála spóirt nuair a bhí mé ag traenáil. Chuardaigh mé mo mhála spóirt anois díreach. Tá an fón ann ach níl an eochair ann.
**Nuala:** Cá bhfuil tú faoi láthair?
**Dónall:** Tá mé i mo sheasamh anseo taobh amuigh den teach. Níl cóta liom agus tá mé préachta leis an bhfuacht. An bhféadfá teacht chuig an doras agus mé a ligean isteach go ciúin?
**Nuala:** Ach tá mé breá compordach anseo i mo leaba.
**Dónall:** Á, a Nuala. Ná bí dian orm mar sin. Éist, déanfaidh mé gar duitse má ligeann tú isteach mé.
**Nuala:** An dtabharfaidh tú fiche euro ar iasacht dom má ligim isteach thú?
**Dónall:** Fiche euro. Tá tú an-dian orm, a Nuala. Ach cén rogha atá agam?
**Nuala:** Níl mé ach ag magadh, a Dhónaill. Rachaidh mé síos chuig an doras anois díreach agus osclóidh mé duit é. Ach ná dúisigh Maim agus Daid.

**Ceist a Seacht (Canúint Chonnacht)**

*Ar an teileafón…*
**Diarmaid**: Haigh, a Shíle, cén chaoi a bhfuil tú?
**Síle:** Ar fheabhas ar fad, a Dhiarmaid. Agus cén fáth nach mbeinn? Chríochnaigh mé an Ardteistiméireacht ar maidin. An bhfuil na scrúduithe ar fad déanta agatsa?
**Diarmaid:** Tá. Bhí an scrúdú deireanach agam Dé Máirt seo caite. Rinne mé an páipéar Spáinnise an mhaidin sin. Ach tá fadhb agam anois.
**Síle:** Inis dom, cén fhadhb atá agat, a Dhiarmaid?
**Diarmaid:** Caithfidh mé mo chéad rogha ar fhoirm an CAO a athrú.
**Síle:** Cén fáth, a Dhiarmaid, cén chéad rogha a chuir tú síos nuair a líon tú an fhoirm i

mí Eanáir?

**Diarmaid:** Is é an Gnó san Institiúid Teicneolaíochta i Luimneach an chéad rogha a chuir mé síos i mí Eanáir. Ach anois tá m'aigne athraithe agam. Táim chun Cúrsa Margaíochta a chur síos mar chéad rogha anois.

**Síle:** Taitníonn an Mhargaíocht leat, a Dhiarmaid, nach dtaitníonn?

**Diarmaid**: Taitníonn, cinnte. Cén chéad rogha a chuir tusa síos ar fhoirm an CAO?

**Síle:** Teastaíonn uaim cúrsa sna meáin chumarsáide a dhéanamh i nGaillimh. Táim cinnte faoin rogha sin. Ba mhaith liom a bheith ag obair sna meáin amach anseo.

**Diarmaid**: Oirfidh post mar sin go breá duit, a Shíle. Bhí páirt agat i ndráma na scoile nuair a bhí tú sa tríú bliain. Agus chuir tú clár ceoil i láthair ar raidió na scoile nuair a bhí tú san Idirbhliain.

**Síle**: Tá an ceart agat. Agus rud eile de, a Dhiarmaid, scríobh mé cuntais ar imeachtaí spóirt do shuíomh gréasáin na scoile nuair a bhí mé sa chúigiú bliain.

**Diarmaid**: Déanaimis dearmad ar na scrúduithe agus bainimis taitneamh as na laethanta saoire i dtús báire.

**Síle**: Is maith an smaoineamh é sin, a Dhiarmaid. Ach ná déan dearmad do chéad rogha a athrú ar fhoirm an CAO. Go n-éirí go geal leat idir an dá linn. Slán.

**Ceist a hOcht (Canúint na Mumhan)**

**Ciara:** A Chathail, a chara, ar bhain tú taitneamh as an deireadh seachtaine agus as an aimsir bhreá a bhí againn?

**Cathal:** Bhain, cinnte, a Chiara. Chaith mé deireadh seachtaine iontach sa chathair le mo dheartháir. Bhíomar ag féile cheoil Dé Sathairn agus ag siúl sna sléibhte Dé Domhnaigh. Chuala mé go raibh an ceantar seo plódaithe le daoine nuair a bhí mé as baile.

**Ciara:** Bhí. Mheall an aimsir ghrianmhar na sluaite cuairteoirí anseo ag an deireadh seachtaine. Bhí an trá plódaithe le daoine. Bhí daoine ag sú na gréine agus ag snámh san fharraige.

**Cathal:** Ar chaith tú féin tamall ar an trá, a Chiara?

**Ciara:** Níor chaith mar bhí mé ag obair san ollmhargadh. Bhíomar an-ghnóthach ann. Bhí an-tóir ar uachtar reoite, ar bhia do phicnicí agus ar bhuidéil uisce. Ach chuaigh mé féin agus mo chairde ag siúl ar an trá tráthnóna Dé Domhnaigh. Agus a Chathail, ní chreidfeá an méid bruscair a bhí caite ar an trá.

**Cathal:** Is mór an náire é nach mbeireann daoine a gcuid bruscair abhaile leo ag deireadh an lae.

**Ciara:** Tá an ceart agat. Tá go leor comharthaí ar an trá ag iarraidh ar dhaoine gan bruscar a fhágáil ar an trá. Chomh maith leis sin, tá a lán boscaí bruscair ar fáil. Ach creid uaim é, fágadh buidéil phlaisteacha, málaí plaisteacha agus cannaí folmha i ngach áit ar an trá.

**Cathal:** Ó, is olc an scéal é sin. Agus chun an scéal a dhéanamh níos measa, scuabtar an bruscar isteach san uisce agus déanann an plaisteach dochar do na héisc sna farraigí.

**Ciara:** Mar is eol duit, is ball mé de choiste glantacháin na trá agus tagaimid le chéile tráthnóna Dé Céadaoin chun glantachán trá a dhéanamh. Bíonn cabhair bhreise ag teastáil uainn i gcónaí. An mbeifeá saor chun cabhrú linn ar feadh dhá uair an chloig an tseachtain seo?

**Cathal:** Bheinn, cinnte. Cá mbuaileann sibh le chéile?

**Ciara:** Sa charrchlós, ag a seacht a chlog. Bí ann, a Chathail.

**Cathal:** Beidh mé, cinnte. Slán go fóill.

**LEATHANACH**

**BÁN**

**LEATHANACH**

**BÁN**

LEATHANACH

BÁN